V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11170 – VERITAS / EIM / PATIENT SQUARE / SYNEOS HEALTH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 268/05)

1. An 20 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Veritas Capital Fund Management, L.L.C ('Veritas', na Stáit Aontaithe), faoi ralú Veritas Manager Holdings,

— Elliott Investment Management L.P. ('EIM', na Stáit Aontaithe),

— Patient Square Capital L.P. ('Patient Square', na Stáit Aontaithe),

— Syneos Health, Inc. ('Syneos Health', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Veritas, EIM agus Patient square comhrialú ar Syneos Health de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste cothromais phríobháidigh é Veritas a infheistíonn i gcuideachtaí a sholáthraíonn táirgí criticiúla, bogearraí agus seirbhísí, go príomha teicneolaíocht agus réitigh teicneolaíocht-chumasaithe, do rialtais agus custaiméirí tráchtála ar fud an domhain,

— Is cuideachta bainistíochta infheistíochta é EIM a gcuimsítear cothromas príobháideach agus creidmheas príobháideach, urrúis shuaite, fiachas neamhbhroide, falúchán/arbatráiste, urrúis a bhaineann le heastát réadach, trádáil tráchtearraí agus cosaint luaineachta punainne ina straitéisí trádála atá dírithe ar chothromas,

— Is gnólacht infheistíochta tiomnaithe i gcúram sláinte é Patient Square,

— Is eagraíocht dhomhanda taighde ar conradh agus tráchtálaithe seachfhoinsithe é Syneos Health a sholáthraíonn seirbhísí do ghnólachtaí cógaisíochta agus do ghnólachtaí biteicneolaíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11170 – VERITAS / EIM / PATIENT SQUARE / SYNEOS HEALTH

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.